



## **Ciorclán BHIS 21/01**

### **Aguisín I – Foirm Iarratais A**

## **LE COMHLÁNÚ AG AN IARRATASÓIR**

### **An Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha 2021**

#### **NÓTA TÁBHACHTACH**

Caithfidh an t-iarratasóir gach cuid den fhoirm a chomhlánú. Ní ghlacfar le hiarratais neamhiomlána

**Chun teacht ar bhreis faisnéise  
déan teagmháil leis an údarás áitiúil ábhartha**

## TABHAIR FAOI DEARA AN MÉID SEO A LEANAS SULA GCOMHLÁNAÍTEAR AN FHOIRM SEO

- Ní mór **Foirm A** a chomhlánú go hiomlán
  - An fhaisnéis ábhartha a **chlóscríobh**, más féidir
  - Má scríobhtar an fhaisnéis de lámh, úsáid **BLOCLITREACHA** nó cinntigh go bhfuil an scríbhneoireacht inléite
  - Ba cheart na hiontrálacha dáta go léir a bheith san fhoirmáid **LL/MM/BBBB**
  - Mura bhfuil úsáid á baint faoi láthair as an struchtúr, caithfear an úsáid dheireanach a baineadh as a lua in **Alt 4**
  - Má tá an struchtúr cosanta ag aon reachtaíocht seachas na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt (e.g. Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta), caithfear seo a lua in **Alt 5**
  - Sa chás go ndearnadh iarratas ar chead pleanála, ach nach ndearnadh aon chinneadh, nó má tá an cinneadh á achomharc, luaigh é seo agus dáta an iarratais nó an achomhairc in **Alt 6**
  - Sa chás go gceanglaítear fógra faoi Alt 12 (3) d'*Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1994* (Séadchomharthaí Taifeadta) nó faoi Alt 5 (8) den *Acht Leasaithe 1987 (clár Séadchomharthaí Stairiúla)*, ba cheart sonraí faoin dáta a seoladh an fógra chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a sholáthar in **Alt 6**
  - Sa chás go ndearnadh iarratas ar thoilíú an Aire ach nach ndearnadh aon chinneadh ag tráth an iarratais faoin Scéim, luaigh é seo in **Alt 6 agus cuir uimhir thagartha an cháis a d'éisigh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta san áireamh**
- Caithfidh an t-iarratasóir cuntas a thabhairt ar an líon iomlán measta laethanta (is ionann lá agus 8 n-uaire an chloig) fostaíochta a theastaíonn d'fhad an tionscadail ag céim an iarratais in **Alt 7**.
- Caithfear sonraí faoi conas a íocfar as costas na n-oibreacha, seachas méid an chistithe a lorgaítear, a lua in **Alt 8**. Caithfidh an t-iarratasóir iomlán na suime comhfhreagraí agus foinse na gcistí comhfhreagracha a thabhairt le fios
  - Ina theannta sin, caithfidh an t-iarratasóir aon deontas, fhóirdheontas nó chúnamh ó chomhlachtaí reachtúla, nó urraíocht nó cúnamh ó fhoinse neamhreachtúil, a fuarthas nó atá á lorg a chur isteach in **Alt 9**. Ina theannta sin, caithfidh an t-iarratasóir a thabhairt le fios má fuair siad cinntiúchán faoi Alt 482 den *Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997* (Alt 19 den *Acht Airgeadais, 1982* roimhe seo), nó má tá faoiseamh cánach á fháil acu faoi **Thionscnamh na Cathrach Beo** nó faoin **Dreasacht um Athchóiriú Tí**. Mura bhfuair, caithfidh an t-iarratasóir a thabhairt le fios má tá iarratas á dhéanamh acu faoi láthair ar chinntiúchán nó ar fhaoiseamh cánach faoi *Alt 482 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997* (Alt 19 den *Acht Airgeadais, 1982* roimhe seo)
  - Ba cheart go leanfadh na hoibreacha a bheartaítear na prionsabail a leagtar amach i *Architectural Heritage Protection Guidelines for Planning Authorities (2011)* agus i bhfoilseacháin *Sraith Comhairle* na Roinne. Tá iad seo ar fáil ó Fhoilseacháin Rialtais nó trí aon siopa leabhar nó is féidir iad a íoslódáil [anseo](#).
  - Tá ialtóga á gcosaint faoin Treoir maidir le Gnáthóga ón AE. Ba cheart d'oibreacha ar bith a d'fhéadfadh cur isteach ar ialtóga nó ar a bhfaráí, aird a thabhairt ar na treoirínte maidir le maolú um ialtóga ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá siad seo ar fáil [anseo](#).
  - D'fhéadfaí faisnéis a sholáthraítear ar an bhfoirm seo faoin struchtúr a úsáid ar shuíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta nó an údaráis áitiúil.

## 1. Sonraí an Tionscnaimh

Tabhair cur síos gearr agus beacht thíos ar chineál na n-oibreacha atá le cistiú go sainiúil faoi Scéim 2021 (uas de 25 focal)

--

## 2. Sonraí an Iarratasóra (más úinéir é/í)

Ainm an Úinéara:	
Príomhphointe teagmhála (tabhair sonraí):	Sea/ Ní Shea
Seoladh:	
Uimhir Ghutháin/Fón Póca:	R-phost:
Uimhir Charthanais: ( <i>más infheidhme</i> )	
Uimhir Thagartha Cánach:	Dáta:

## 3. Sonraí an Iarratasóra (mura úinéir é/í)

Ainm:	
Príomhphointe teagmhála (tabhair sonraí):	Sea/ Ní Shea
Seoladh:	
Uimhir Ghutháin/Fón Póca:	R-phost:
Uimhir Charthanais:	

<i>(más infheidhme)</i>		
Uimhir Thagartha Cánach:		Dáta:
Tabhair le fios má fuarthas toiliú an úinéara chun iarratas a dhéanamh faoin scéim seo agus ceangail an toiliú leis an bhFoirm seo.		

#### 4. Sonraí an Struchtúir

Ainm:	Seoladh:
Bliain tógala: <i>(más eol)</i>	<b>Eircód (caithfear a chur ar fáil)</b>
Úsáid reatha*:	An úsáid a bheartaítear a bhaint as: <i>(más éagsúil)</i>

\* Cuir in iúl mura bhfuil úsáid á baint faoi láthair as an struchtúr, caithfear an úsáid dheireanach a baineadh as, más ea

#### 5. Rangú

		Is ea/ Ní hea	Más ea/má tá: tabhair an uimhir chláraithe	
An struchtúr:	(1) faoi chosaint í an struchtúr?		RPS:	
	(2) faoi chosaint bheartaithe í an struchtúr?			
	(3) í atá faoi chosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta?		RMP:	
	(4) í atá i LCA?*		Ainm an LCA:	
	(5) an struchtúr í atá san FNOA**		FNOA:	Rátáil:

\*LCA = Limistéar Caomhantais Ailtireachta

\*\* FNOA = Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH) ([www.buildingsofireland.ie](http://www.buildingsofireland.ie))

## 6. Fógraí Reachtúla

	Is ea/ Tá nó Ní hea/Níl	Más ea/má tá: iontráil an dáta a cuireadh i bhfeidhm/a fuarthas
An dteastaíonn cead pleanála ó na hoibreacha nó ar deonaíodh cead pleanála dóibh?		An dáta a rinneadh iarratas:
		Stádas Pleanála:
		Uimhir Thagartha Pleanála:
An gá na hoibreacha a bheartaítear a chur in iúl don Aire faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta?		Dáta an fhógra:
An dteastaíonn toiliú ón Aire ó na hoibreacha a bheartaítear faoi Alt 14 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 (arna leasú)?		An dáta a rinneadh iarratas:
		An dáta a fuarthas an toiliú:
		Uimhir Thagartha:
An mbaineann aon Cheanglas Reachtúil eile?		Sonraí:

## 7. Achoimre an Tionscadail

	Achoimre
<p>Déan cur síos gearr ar na hoibreacha a bheartaítear</p> <p>Déan cur síos ar na hoibreacha a bheartaítear maidir leis an méid seo a leanas, 300 focal, ar a mhéid:</p> <p>(a) Tábhacht an struchtúir</p> <p>(b) Éifeachtúlacht na n-oibreacha</p> <p><b>Déan meastachán ar Shochar Fostaíochta an tionscadail</b>, lena n-áirítear:</p> <p>i Líon iomlán na laethanta fostaíochta a theastaíonn i rith an tionscadail do gach fostaí ar an tionscadal, foireann tógála, ghairmiúil agus eile san áireamh (1 lá = 8 n-uair an chloig)</p> <p>ii Cineál na bpost cruthaithe ag an tionscadal agus scileanna ceirde tradisiúnta le húsáid</p>	

iii Cineál agus laethanta traenála beartaithe, más ábhartha

<b>CAITHFEAR</b> Dátaí tosaithe agus críochnaithe na n-oibreacha a bheartaítear a chur ar fáil	Tús:	Críoch:
--	------	---------

## 8. Caiteachas maidir leis na hoibreacha a bheartaítear

Costas Measta Iomlán na nOibreacha <b>ar a bhfuil cistiú á lorg:</b>	€ (CBL as an áireamh)	€ (CBL san áireamh)
Táillí Gairmiúla Measta:	€ (CBL as an áireamh)	€ (CBL san áireamh)
<b>An cistiú iomlán a lorgaítear:</b>	<b>€</b>	
Méid na gcistí comhfhreagracha:	€	
Foinse na gcistí comhfhreagracha		

## 9. Deontais agus Faoiseamh Eile

An mbaineann cinntiúchán Alt 482 leis an struchtúr seo?*	
An ndearna tú iarratas ar fhaoiseamh cánach Alt 482?	
An féidir CBL a aisghabháil?	
An ndearna tú iarratas ar Chistiú AE/Státchiste/Fhaoiseamh	

Cánach eile, e.g. Tionscnamh na Cathrach Beo, An Dreasacht um Athchóiriú Tí?*	
An bhfuarthas/ar diúltaíodh Cistiú AE/Státchiste/Faoiseamh Cánach eile? **	

\* Alt 482 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Alt 19 den Acht Airgeadais 1982 roimhe seo)

\*\* Déanfar cros-seiceáil ar an iarratas seo le sonraí an deontais atá á gcoimeád ag gníomhaireachtaí stáit (m.sh. An Chomhairle Oidhreachta agus nó Rannóga eile na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta) chun cáilitheacht do chistiú faoin scéim seo a dheimhniú)

## 10. Gairmí Caomhnaithe fostaithe ar an tionscadal

Ainm:		Post/cáilíocht:	
Seoladh:			
Uimhir Ghutháin/Fón Póca:		R-phost:	
Uimhir Thagartha Cánach:		Dáta:	

**Más gá, déan cóip den leathanach seo chun gairmithe caomhnaithe breise a chur leis**

## 11. Conraitheoirí/Ceardaithe fostaithe ar an tionscadal

### Conraitheoir(í)/Ceardaí/Ceardaithe

Ainm:		Post:	
Seoladh:			
Uimhir Ghutháin/Fón Póca:		R-phost:	
Uimhir Thagartha Cánach:		Dáta:	
Ar léirigh an fochonraitheoir leibhéal sásúil comhlíonta cánach: <i>(más infheidhme)*</i>	Léirigh:	Níor léirigh:	

\*Téigh chuig [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) chun teacht ar bhreis sonraí faoi nósanna imeachta imréitigh cánach do chonraitheoirí nó d'fhoconraitheoirí

**Más gá, déan cóip den leathanach chun conraitheoirí/ceardaithe breise a chur leis**

## 12. Dearbhú ag an Úinéir/Iarratasóir

Deimhnímhse, an t-iarratasóir, an méid seo a leanas:

1. Tuigim agus comhlíonaim téarmaí agus coinníollacha uile na Scéime Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha 2021
2. Tá an fhaisnéis a sholáthraítear san fhoirm iarratais agus sna cáipéisí tacaíochta ceart agus cuirfidh mé an t-údarás áitiúil ábhartha ar an eolas má thagann aon athrú ar an bhfaisnéis sin
3. Tá ar a laghad €\_\_\_\_\_ á sholáthar agam ó m'acmhainní príobháideacha féin i dtreo na n-oibreacha seo
4. Tá mo ghnóthaí cánach in ord
5. Tuigim, má íocann údarás áitiúil cistiú faoin scéim seo, nach dtugann sé sin le tuiscint go bhfuil baránta ann ar thaobh an údaráis ná an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le hoiriúnacht nó sábháilteacht na n-oibreacha atá i gceist nó le deisriocht nó bail gach cuid nó aon chuid den struchtúr atá i gceist, nó a oiriúnacht le haghaidh úsáide.
6. Tuigim gur féidir leis an údarás áitiúil nó an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta aon fhiosrúchán a dhéanamh a mheasann siad a bheith riachtanach chun mo cháilitheacht a dheimhniú do chistiú faoin scéim seo, agus go bhfuil cinntí an údaráis áitiúil agus an Aire críochnaitheach.

Síniú an Iarratasóra: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

## 13. Seicliosta d'Úinéirí/Iarratasóirí (Cuir isteach Sea nó Ní Shea, faoi mar is cuí)

Caithfear an méid seo a leanas a chur san áireamh i ngach iarratas a dhéantar le húdaráis áitiúla	Úinéir Sea/Ní Shea	Údarás Áitiúil Sea/Ní Shea
Foirm A comhlánaithe go hiomlán		
Mapa de shuíomh an láithreáin leis ar a bhfuil suíomh na n-oibreacha marcáilte go soiléir i ndearg		
Fianaise ann i leith Comhlíontacht Cánach		
Toiliú scríofa úinéir na maoinne faighte do na hoibreacha a bheartaítear (más infheidhme)		
Ráiteas modha ceangailte (má tá sé ar fáil)		
Breac-chuntas de nádúr agus an méid traenála atá le cur ar fáil i rith an tionscadail, más ábhartha		
Grianghraif curtha ar fáil a léiríonn an tionscadal sular cuireadh tús leis na hoibreacha		